

# Cad is toirt ann?


Ciallaíonn toirt an méid spáis atá i gcruth tríthoiseach nó i substaint.

# Aonaid toirte


Úsáideann muid aonaid chiúbacha le toirt a thomhas, mar shampla, ceintiméadair chiúbacha ( $\text{cm}^3$ ) agus méadair chiúbacha ( $\text{m}^3$ ). Is féidir toirt a úsáid le toilleadh leachta a thomhas fosta, mar shampla millilítir (ml) agus lítir (l).

## Toirt a oibriú amach

Is féidir **ciúbanna a chuntas** le **toirt** a oibriú amach, mar shampla:



Tá an 2 chruth thuas déanta de 6 chiúb.  
Toirt = 6 chiúb



Tá toirt 6 chiúb sa chruth thuas fosta ach ní thig linn ceann de na ciúbanna a fheiceáil.

## Toirt ciúb nó ciúbóidigh a oibriú amach

Tá ciúb/ciúbóideach déanta de **scaireanna**.


Thig linn an riail seo a úsáid le **toirt** ciúb/ciúbóidigh a oibriú amach:

**Líon na gciúbanna i ngach scair × líon na scaireanna**

**Mar shampla**, tá 4 scair sa chiúb seo.

Tá 4 shraith i ngach scair, agus tá 4 chiúb bheaga i ngach sraith.


Tá  $4 \times 4 = 16$  chiúb bheaga i ngach scair.



**Toirt ciúb = líon na gciúbanna i ngach scair × líon na scaireanna =  $16 \times 4 = 64$  ciúb**

Dóigh eile le **toirt ciúb** nó **ciúbóidigh** a ríomh:

- Faigh leithead, airde agus doimhneacht an chiúb/an chiúbóidigh
- Úsáid an riail **toirt = fad × leithead × airde**



**Sampla**

Tá an ciúbóideach **6 cm ar fad, 2 cm ar leithead** agus **3 cm ar airde**

**Toirt =  $6 \times 2 \times 3 = 36 \text{ cm}^3$**

### Leibhéal 4

Ciúbanna a chuntas le meastachán a dhéanamh ar thoirt/le toirt a fháil.

### Leibhéal 5

Toirt ciúbanna agus ciúbóideach a ríomh.